Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an cion oibre a rinne siad i rith na bliana 2005 a thréaslú le mo chuid comhghleacaithe in OSSÉ, an Leas-Scrúdóir, Ger Connolly, mar aon leis an bhfoireann Scrúdóirí Cúnta agus ár gcomhleacaithe státseirbhísigh. Ba mhaith liom mo chuid buíochais a chur in iúl chomh maith do Eileen Fitzgerald, an Bainisteoir Oifige atá ag aistriú don Bhruiséal, agus fáilte a chur roimh Ann O'Kelly atá ag teacht i gcomharbacht uirthi ó Rannóg na bPríosún sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Is mise le meas,



John Kelleher  
Scrúdóir na Scannán



@ IFCO: Home

Back Forward Stop Refresh Home Autofill Print Mail

Address: @http://www.ifco.ie

**IFCO** IRISH FILM CENSOR'S OFFICE **G PG 12A 15A 16 18**

TEXT ONLY VERSION

**KING KONG** *Premiere*

**WIN 2 TICKETS TO THE KING KONG CELEBRITY PREMIERE AT THE SAVOY CINEMA, DUBLIN, ON TUESDAY 13TH DECEMBER.**

Your prize includes overnight accommodation for two on 13th December in The Gresham Hotel. A lucky runner-up will receive a unique King Kong figurine.

To enter, simply fill in your details and answer the question below. Entries close at midnight on Wednesday 7th December. Here's a hint: The answer to the question can be found on [this website](#).

UPP/Universal Pictures. KING KONG in cinemas nationwide December 13

NAME \_\_\_\_\_  
E-MAIL \_\_\_\_\_  
ADDRESS \_\_\_\_\_  
COUNTRY \_\_\_\_\_  
CONTACT NO. \_\_\_\_\_

QUESTION:  
WHAT CERTIFICATE DID IFCO GIVE THE FILM  
TITLED THE FOCKERS?

PG  
 12A  
 15A  
 Please select if you would like IFCO to send you a weekly update on new releases and other information from time to time.

**SEND** [TERMS AND CONDITIONS](#)

@ IFCO: Home

Back Forward Stop Refresh Home Autofill Print Mail

Address: @http://www.ifco.ie

**IFCO** IRISH FILM CENSOR'S OFFICE **G PG 12A 15A 16 18**

TEXT ONLY VERSION

**CLICK HERE Win Tickets To...**

IFCO SEARCH  **FILM** **DVD/VIDEO** **GO**

**12A**

Genre Action/Adventure  
Director Peter Jackson  
Cast Naomi Watts, Jack Black  
Release Date 18/12/05  
Date Classified 07/12/05  
Duration 187 mins

**King Kong** **None** **Mild** **Moderate** **Strong**

Violence				✓
Drugs	✓			
Sex/Nudity		✓		
Language			✓	
Other/Comments	Physical and fantasy violence. Scary scenes and images.			



King Kong  
Stjúrthóir: Peter Jackson

## MÉADÚ AR AN OBAIR

I gcomparáid leis an mbliain 2005, tháinig ardú de 1.2% ar líon na scannáin chineama a deimhníodh agus ardú de 28% ar líon na bhfistaifeadtaí/DVD a deimhníodh.

I gcás scannáin chineama, is féidir arís an t-ardú sa líon an deimhníodh a chur i leith na dtáillí laghdaithe a ghearrtar i gcás scannán a fhoilsítear ar bhonn teoranta (scannáin le buiséad íseal, i dteanga iasachta, 'art-house' etc.) a tugadh isteach in Aibreán na bliana seo caite. I gcás fhistáifeadtaí/DVD, is féidir an t-ardú a chur i leith an bhorrádh breise arís i margadh díolacháin DVD.

## TÁILLÍ CINEAMA LEASAITHE

Is é an laghdú ar tháillí OSSÉ don deimhníú ar scannáin chineama a fhoilsítear ar bhonn teoranta nó 'art house', i.e. scannáin le fotheidil, le buiséad íseal, le tréithe dúchasacha, scannáin spéis mhionlaigh, etc. is cúis le cuid mhór den ardú suntasach ar líon an chineál scannáin nach mbíodh léargas orthu san am a caitheadh ach amháin ag féilte nó trí fhoilsíú do chlub ballraíochta.

Sa bhliain 2005, rinneadh deimhníú ar 75 scannán den chineál sin arna bhfoilsíú ar bhonn teoranta, ina measc *The Sea Inside* (a ghnóthaigh gradam Oscar don scannán is fearr i dteanga iasachta i.e. seachas Béarla), *The Woodsman*, *Merry Christmas*, *Maria Full of Grace*, *Downfall*, *March of the Penguins*, *The Last Mitterand*, *Bombon* (*El Perro*).

## TÁILLÍ FÍSTAIFEADTAÍ LEASAITHE


Is ábhar buartha ag dáilitheoirí fistaifeadtaí/DVD Éireannacha agus iasachta an costas a bhaineann le hábhar neamhghnách a dháileadh in Éirinn. Feictear dóibh gur ag dul i ndobhrabúsacht atá an margadh sin dóibh. Is dóigh leo go bhfágfadh scála táillí laghdaithe do shaothair mionlaigh/sainspéise mar atá molta ag OSSÉ go mb'indéanta dóibh saothair den chineál sin a fhoilsíú in áit iad a choinneáil siar. Is dóigh leo chomh maith go mbeadh de thionchar aige sin go laghdófaí ar an mbradáil.

## SUIOMH IDIRLÍN

Tuairimí moltacha atáthar a fháil ón bpobal i gcónaí maidir le suíomh idirlín OSSÉ lena gcuirtear comhairle don tomhaltóir agus eolas mion ar fáil do thuismitheoirí maidir le scannáin chineama.

Is ábhar buartha é nach mbeainn sin le cúrsaí fistaifeadtaí/DVD chomh maith. Tá súil go gcuirfean an infheistíocht riachtanach ar fáil do bhreis forbartha TE ionas go bhféadfaidh OSSÉ seirbhís den chineál céanna a chur ar fáil do thuismitheoirí, don phobal agus don tionscal maidir le fistaifeadtaí/DVD.

Tosaíodh ar chomórtas nua míosúil ar an suíomh idirlín ag deireadh na bliana agus duaiseanna a bhaineann le cúrsaí scannánaíochta á dtairiscint. Fuair buaiteoir an chéad chomórtais ticéid go dtí première na hÉireann ar an scannán *'King Kong'* maille le lóistín na hoiche i mBaile Átha Cliath. Beidh comórtas ina ghné rialta den suíomh as seo amach.



## ATHRUITHE MAIDIR LE DEIMHNIÚCHÁN SCANNÁIN CHINEAMA

Tháinig dhá athrú ar na catagóirí deimhnithe sannán, mar a bhí, i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2005.

Tugadh isteach deimhniúchán nua '16', lenar cuireadh srian ar dhaoine nach raibh sé bliana déag slán acu a ligean isteach sa phictiúrlann agus athainmníodh na deimhniúcháin '12PG' agus '15PG', mar a bhíodh, go dtugtar '12A' agus '15A' orthu mar a gciallaíonn an 'A' 'adult'.

Ba é ba príomhchuspóir leis sin easord a bhíodh ann go dtí sin a réiteach ó ba 'parental guidance' ba chiall leis an 'G' in 'PG' agus ba 'parent or guardian accompanied' ba chiall leis an 'G' in '12PG' agus '15PG'. Tá an t-íomrall sin bainte amach anois agus táthar sásta go forleathan leis na deimhniúcháin nua ar tar éis comhairliúcháin le tuismitheoirí, le hoideachasóirí, leis an bpobal, le dáilitheoirí scannán agus le bainisteoirí pictiúrlanna a tugadh isteach iad.

Maidir leis an deimhniúchán nua '16', bhí roinnt scannán ann ar dócha gur deimhniúchán '18' a thabharfaí dóibh sna blianta a caitheadh, nuair nach measfaí 15A a bheith oiriúnach, ar tugadh deimhniúchán '16' dóibh i rith na bliana 2005, ina measc *Breakfast on Pluto*, *Brokeback Mountain*, *Constantine* agus *The Forty Year Old Virgin*.

Is léiriú é an deimhniúchán nua 16 a thabhairt isteach go n-aithnítear na hógánaigh is sinsearaí, i.e. sé bliana déag agus seacht mbliana déag, sa lá atá inniu ann a bheith níos tuisceanaí nó níos aibí ná a bhíodh an ghluín rompu ag an aois chéanna.


Bhíodh an iomarca de bhearna uaireanta idir deimhniúcháin '18' agus deimhniúcháin '15A'. Anuraidh, mar shampla, bheadh duine dhá bhliain déag d'aois (i gcomhlúadar duine fásta) in ann *Troy* (15A) nó *Starsy and Hutch* (15A) a fheiceáil i bpictiúrlann ach ní bheadh duine sé bliana déag nó seacht mbliana déag in ann *Bad Education* (18), *Blade Trinity* (18) ná *Shaun of the Dead* (18) a fheiceáil sular tugadh isteach an deimhniúchán 16.

## SUIRBHÉ AR ÓGÁNAIGH

I mí Márta, d'fhoilsigh OSSÉ torthaí shuirbhé náisiúnta ar mheon ógánach i leith aicmiú scannán, an dara céim i dtogra mór taighde maidir le tuismitheoirí agus ógánaigh. D'fhoilsigh OSSÉ torthaí an chéad chéim, an chéad suirbhé náisiúnta riamh ag Lansdowne Market Research ar mheon tuismitheoirí i leith bhreathnú a gcuid leanaí ar scannáin agus fistaifeadaí/DVD, i mí Meán Fómhair 2004. Rinne Scoil na Cumarsáide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Scoil an Staidéar Gnó agus na nDána, Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an suirbhé i gcomhar thar ceann OSSÉ agus faoi mhaoirseacht an Dr. Carol MacKeogh. Rinneadh suirbhéireacht maidir le 1,045 ógánach idir dhá bhliain déag agus seacht mbliana déag d'aois ag dhá cheann déag de scoileanna, arna roghnú go randamach d'fhonn sampla iondaioch náisiúnta a thabhairt.

Seo a leanas roinnt de na príomhthorthaí ar an suirbhé:

- Féachann ógánaigh na hÉireann ar scannáin go rialta. Téann 76% chuig an bpictiúrlann uair amháin ar a laghad gach dhá mhí agus tá os cionn leath na n-ógánach a théann ar a laghad uair nó dhó sa mhí. Faireann 87% scannáin ar an teilifís ar a laghad uair sa tseachtain agus tá 62% a bhreathnaíonn ar scannáin ar DVD/Fistaifead chomh minic céanna.



**Adolescents and Film:**  
Attitudes to Film Classification

Report Prepared for:  
**IFCO**  
Irish Film Classification Office

Jointly presented by:  
School of Communications,  
Dublin City University  
School of Business and Humanities, Queen's University  
of Belfast  
1st February 2005

- Is dóigh le 40% de na hógánaigh gur maith an rud aicmiú ar scannáin dá n-aoisghrúpa féin agus tá 92% den tuairim gur maith an beart é i gcás aoisghrúpaí is óige ná iad féin. Tá 59% de na hógánaigh a bhain úsáid as córas aicmithe OSSÉ agus iad ag roghnú scannáin. Luaigh 74% de na hógánaigh sin go rabhthas sásta go ginearálta leis an gcóras.

- Baineann an chuid is mó de na hógánaigh (65%) úsáid as aicmiú scannán chun ábhar a bhfuil srian ginearálta air a aimsiú ach is mó a tharlaíonn sin le haoisghrúpa níos sine ná le haoisghrúpa níos óige. Cé go ndeir ógánaigh gurb é caighdeán an scannáin is mó a mheallann iad, cuidiann an córas aicmithe de réir aoise leo scannáin a aimsiú a bhféadfadh go mbeadh suim acu iontu.

- Shíl os cionn leath na n-ógánach go mbíonn OSSÉ róghéar san aicmiú ar scannáin. Ní raibh duine as gach cúigear fiú (19%) a shíl go rabhthas róbhog i mbun aicmithe uaireanta. Bhraith roinnt rannpháirtithe gur cheart a bheith níos boige maidir le scannáin ghrinn mar 'nach ndéanfadh siad mórán dochair'. Ina dhiaidh sin féin, bhí na tuairimí faoi na scannáin faoi leith a ndearnadh mi-aicmiú orthu ag dul in aghaidh a chéile go mór.


- Rud sóisialta a bhíonn i scannán a fheiceáil. Téann an chuid is mó ar fad de na freagróirí chuig an bpicéirlann le gaolta nó le cairde (bíonn cuideachta i gcónaí le 87%) agus is i gcomhlúadar daoine eile a bhreathnaíonn an chuid is mó ar scannáin ar an teilifís, fistaifeadtaí nó DVD chomh maith. Pléann an chuid is mó de na freagróirí scannáin lena gcuid cairde sula mbreathnaíonn siad orthu (cuireann 64% tuairisc lena gcuid cairde i gcónaí nó go minic) agus tar éis scannán a fheiceáil (pléann 99.7% i gcónaí nó go minic iad lena gcuid cairde).

- Deir ógánaigh go mbíonn ról gníomhach go maith ag a gcuid tuismitheoirí maidir leis na scannáin a bhféachann siad orthu. Breathnaíonn siad ar scannáin in éineacht le chéile go rialta, go háirithe ar an teilifís (78% den aoisghrúpa níos óige agus 72% den aoisghrúpa níos sine). Deir líon beag ógánach go dtéann siad i gcomhairle lena gcuid tuismitheoirí uaireanta sula bhféachtar ar scannán (21% den aoisghrúpa níos óige agus 11% den aoisghrúpa níos sine) agus deir líon mór go dtarlaíonn plé uaireanta leis na tuismitheoirí tar éis iad a bhreathnú (78% de na hógánaigh ar fad). Deir go leor freagróirí gur cheart níos mó cead cainte a bheith ag a gcuid tuismitheoirí maidir le haicmiú ar scannáin ós acusan is fearr atá a fhios cén t-ábhar a bhfuil na daoine óga in ann chuige.

- Is cosúil go bhfuil tuiscint mhaith ag daoine óga ar an aicmiú a dhéanann lucht cinsireachta. Bhí 82% a léirigh an tuiscint cheart ar PG/12PG. Is fiú a thabhairt faoi deara go ndúirt tuismitheoirí na n-ógánach go raibh mearbhall orthu féin maidir leis an téarmaíocht sin (OSSÉ/Lansdowne Survey).

- Luaigh 85% de na hógánaigh gur sheiceáil a gcuid tuismitheoirí an deimhniú aicmithe maidir le scannáin ag am éigin nuair a bhídis níos óige. Luaigh 41% den aoisghrúpa níos óige go seiceálann a gcuid tuismitheoirí sin go fóill. Cé go raibh mionlach suntasach (41%) ar ghoill sé orthu go seiceálfadh a gcuid tuismitheoirí an deimhniú, níor chuir sé isteach ná amach ar an gcuid is mó de na freagróirí (59%) gur tharla sin.


- Is é an léiriú ar chruadhgrúpaí is mó a bhí ina ábhar buartha ag ógánaigh. Tagann sin leis an suirbhé de chuid OSSÉ/Lansdowne lenar léiríodh gurb iad na drugaí is mó is cás leis na tuismitheoirí freisin. Bhí ógánaigh ar aon intinn lena gcuid tuismitheoirí chomh maith maidir le níos lú tabhachta a bheith le droch-chaint (bhí 81% a mheas go raibh focail eascaíní thall is abhus inghlactha i scannáin 12PG agus bhí cineál na cainte ar an aonú ní déag ag na tuismitheoirí maidir le hábhair buartha).



War of the Worlds  
Stiúrthóir: Steven Spielberg



IRISH FILM CENSOR'S OFFICE



Check out

[www.ifco.ie](http://www.ifco.ie)

- consumer info on all films on release
- news from IFCO
- guidelines on how we make our decisions
- links to Irish and international movie sites
- monthly competition with terrific prizes



**GENERAL**  
Suitable for all



**PARENTAL GUIDANCE** - May contain scenes unsuitable for some young children. Parents, who know their own children best, are recommended to consult [www.ifco.ie](http://www.ifco.ie)



**SUITABLE FOR 12 AND OVER**  
Children under 12 must be accompanied by an adult (18+)




**SUITABLE FOR 15 AND OVER**  
Children under 15 must be accompanied by an adult (18+)



**ONLY FOR PERSONS 16 OR OVER**



**ONLY FOR PERSONS 18 OR OVER**



Harry Potter and the Goblet of Fire  
Stáirthóir: Mike Newell

- Ní léir don chuid is mó de na hógánaigh go dtagann a gcuid tuairimí féin agus tuairimí a gcuid tuismitheoirí le chéile. Is dóigh le 88% gur ábhar collaíochta is mó atá ina ábhar buartha ag tuismitheoirí. Ar an gcúigiú ní a bheadh ina ábhar buartha a bhí ábhar collaíochta ag na tuismitheoirí féin (suirbhé OSSÉ/Lansdowne). Luaigh roinnt de na hógánaigh, in agallaimh, go mbiann tuismitheoirí in inní go ndéanfaidís aithris ar an iompar a fheiceann siad sna scannáin.

- Deir 95% de na hógánaigh go raibh scannáin feicthe acu a bhí ceaptha d'aoisghrúpa níos sine. Deir beagnach 20% go raibh scannán '18' feicthe acu sula raibh dhá bhliain déag slán acu. Sa bhaile is mó a tharla breathnú ar ábhar den chineál sin (luaigh timpeall is 85% an teilifís nó fistaifeadtaí/DVD mar fhoinsé leis an ábhar d'aoisghrúpaí níos sine). Luaigh freagróirí, in agallaimh, nach dtéann siad sa seans ag na pictiúrlanna. Is iondúil nach dtráilfidh siad bealach a dhéanamh isteach chuig scannán má tá sé ceaptha de réir aicme d'aoisghrúpa atá níos mó ná bliain nó dhó níos sine ná a n-aoisghrúpa féin.

- Bhí mionlach suntasach de na freagróirí (43%) a luaigh go bhfaca siad scannán a scanraigh iad agus arbh fhearr leo gan é bheith feicthe acu. Ba san aoisghrúpa 11-13 bliain d'aois a bhí an chuid is mó de na hógánaigh nuair a chonaic siad an scannán a chuir isteach orthu.

- Cuireadh córas aicmithe ghreille atá beartaithe ag OSSÉ (féach suíomh idirlín OSSÉ) i láthair na rannpháirtithe. Dúirt 76% go mbeadh sé úsáideach dóibh. I measc na ndaoine a luaigh gur chuir scannán isteach orthu, dúirt 85% go mbeadh greille OSSÉ ina chabhair acu.

Tá na torthaí ar fad ar fáil ar shuíomh idirlín OSSÉ.

## FEACHTAS FEASACHTA POIBLÍ

Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí feachtas náisiúnta pictiúrlainne agus meán OSSÉ i mí na Samhna, chun an pobal a chur ar an eolas maidir le deimhniúcháin scannán, treoirlinne aicmithe agus suíomh idirlín OSSÉ.

Bhí baint ag roinnt tionscnamh leis an bhfeachtas a bhí socruithe le tarlú ag an am céanna le heisiúint go leor de scannán mhóra na bliana, *Harry Potter and The Goblet of Fire*, *The Chronicles of Narnia*, agus *King Kong*:

- Dáileadh milliún leabhrán a d'oirfeadh dovalait, dar teideal 'Your Pocket Guide to Film Classification', ar dhaoine a théann chuig an bpictiúrlann agus le gach cóip den RTE Guide. Thug an Treoraí Póca míniú ar dheimhniúcháin OSSÉ agus bhí gnáthshamplaí de gach aicme san áireamh.

- Mar a luadh thuas, tugadh isteach deimhniúchán nua do scannáin bheochana arna stiúradh ag Zachary Harpur agus léirithe ag Brown Bag Films (*Give Up Yer Aul Sins*), cuideachta Éireannach a fuair ainmniúchán Oscar, a tharrainginnonn aird ar shuíomh idirlín OSSÉ, mar chuid den fheachtas.

- Dáileadh póstaer agus greamaitheoirí a dearadh go speisialta agus a rinne cur síos ar dheimhniúcháin OSSÉ agus a tharraing aird ar an suíomh idirlín lena dtaispeáint i bhforhallaí agus ag deasca ticéad na bpictiúrlanna go léir.



Pocket Guide to Film Classification

## CAIDREAMH LE BAINISTEoirÍ PICTIÚRLANNA



Dani McClafferty

I mí Mheán Fómhair, cuireadh de fhreagracht ar Dani McClafferty, Uasal, Scrúdaíir Cúnta, an comhordú a dhéanamh maidir le cumarsáid agus caidreamh le bainisteoirí pictiúrlanna ar fud na tíre.

Seo é an chéad uair ag OSSÉ dul i mbun caidrimh ar bhonn beartaithe leis na pictiúrlanna d'fhonn eolas níos fearr a thabhairt don phobal féachana agus tá léirithe ag bainistíocht na bpictiúrlanna gur cúis áthais dóibh é.

## POST CIGIREACHTA

I rith na chéad bhliana gnó acu, thug an lucht cigireachta cuairt ar 90% de na háitribh mhiondiola agus seiceáladh an rabhtas ag teacht le forálacha an Achte um Fhistaifeadtaí 1989. Cé go raibh an chuid is mó ar fad ag comhlíonadh na gcoinníollacha, rinneadh na bearta cui i ngach cás ina raibh sárú ar na coinníollacha.

## GRÚPAÍ FÓCAIS

Eagraíodh roinnt taispeántas do ghrúpaí fócais i rith na bliana chun caidreamh a bhunú le tuismitheoirí, daoine óga, daltaí scoileanna dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal, oideachasóirí, siceolaithe, etc. agus a gcuid tuairimí a thabhairt san áireamh.

Bhí *Mysterious Skin*, *Palindromes*, *Kingdom of Heaven*, *The Perfect Catch*, *House of Wax*, *Star Wars: Episode III*, *Boy Eats Girl*, *Red Eye*, *Good Night and Good Luck*, *The Family Stone*, *Prime* agus *The Ring 2* i measc na scannáin a taispeáineadh ag taispeántais do ghrúpaí fócais i rith na bliana 2005.

I measc na n-áiseineachtaí agus eagrais ionadaíochta a ghlac páirt i dtaispeántais agus i bplé ghrúpaí fócais againn i mbliana bhí *Aware*, *Children at Risk*, an Ghníomhaireacht um Thoircheas Géarchéime, *Cura*, an Disability Federation, Institiúid na gComhairleoirí Treorach, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Comhairle Náisiúnta na nÓg, *The Well Woman Centre*, agus an *Royal Television Society*.

I measc na rannpháirtithe eile bhí daltaí scoileanna dara leibhéal agus a gcuid múinteoirí chomh maith le mic léinn agus oideachasóirí as Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Leanadh den bheart tionscantaigh a cuireadh ar bun anuraidh i gcomhar le hInstitiúid Scannánaíochta na hÉireann trína mbionn deis ag daltaí scoileanna dara leibhéal caidreamh a dhéanamh le OSSÉ agus ceisteanna maidir le haicmiú agus cinsireacht a phlé tar éis scannáin a thaispeáint.

## GRÚPA OIBRE NA COMHAIRLE EALAÍON MAIDIR LE HOIDEACHAS SA SCANNANAÍOCHT AGUS DAOINE ÓGA

Ceapadh Scrúdaíir na Scannán, John Kelleher, i rith na bliana ina chathaoirleach ar ghrúpa oibre de chuid na Comhairle Ealaíon ar a bhfuil ionadaithe de chuid thionscal na scannánaíochta agus de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Is é is cuspóir don ghrúpa plean straitéise a chur le chéile maidir leis an bhforbairt ar an oideachas sa scannánaíocht agus lón pictiúrlainne do dhaoine óga ar bhonn náisiúnta. Táthar ag trúth le tuarascáil ón ngrúpa oibre i rith samhradh na bliana 2006.





## COMHOIBRÍÚ IDIR AICMITHEOIRÍ IDIRINÁISIUNTA AGUS AN AE

Tá OSSÉ ina bhall den Association of European Classifiers. Tá Scrúdóir na Scannán, John Kelleher, ina bhall de Ghrúpa Stúirthe an Chumainn.

Rinne John Kelleher cur i láthair closamhairc i mí Meitheamh mar gheall ar chóras aimithe na hÉireann le haicmitheoirí na hÍsiltíre in Amsterdam tar éis cuireadh a fháil ó NICAM, comhlacht aicmithe na hÍsiltíre. Rinne sé cur i láthair i mí Meán Fómhair le toscairí Eorpacha agus idirnáisiúnta ag comhdháil bhliantúil Aicmitheoirí na hEorpa i Londain. Tá OSSÉ ar cheann de bhaill bunaithe WMReF (World Media Regulators' e-Forum), fóram leictreonach idirnáisiúnta chun freastal don chumarsáid i dtimpeallacht slán idir comhlachtaí rialáil mheáin chumarsáide ar fud an domhain. Is iad na príomhshreibeirí a chuirtear ar fáil le suíomh WMReF fóram príobháideach, deasc nuachta, cartlann taighde agus naisc cheangail le suíomhanna oifigiúla rialálaithe mheáin chumarsáide agus le suíomhanna inspéise eile.



Tá ballraíocht san WMReF atá faoi úinéireacht chomhair ag na baill, teoranta do rialálaithe mheáin chumarsáide atá ag feidhmiú i réimsí scannánaíochta, fistaifeadtaí agus mheán dhigiteach ar fud an domhain. Tá rialálaithe ón Astráil, an Ostáir, an Bheilg, an Chipir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ongáir, an Ioslainn, Lichtenstein, an Liotuáin, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Singeapór, an tSlováin, an Afraic Theas, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar na baill.

## FÍSCHLUICHÍ



Tá físchluichí saor ó aicmiú faoin Acht um Fhistaifeadtaí 1989 cé gur féidir dáiríre iad a thoirmeasc ar fhorais a shonraítear in Alt 3 an Achta sin.

Tá Éire ina ball bunaithe de PEGI (córas Pan European Games Information). Tá an Leas-Scrúdóir, Ger Connolly, ina chomhalta de Bhorl Comhairleach PEGI.

Is iad an Ostáir, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe na baill bhunaithe eile. Faoi chóras PEGI, déantar aicmiú ar físchluichí i gceann de na catagóirí aoise 3+, 7+, 12+, 16+ agus 18+. Tá ag éirí leis an mbeart tionscanta seo a bhíonn ina chabhair shuntasach ag tuismitheoirí maidir le hoiriúinteach an ábhair do dhaoine óga d'aoiseana éagsúla.

Déanann OSSÉ scrúdú go rialta ar chluichí arna ndeimhniú 18+ sula bhfoilsítear iad.

Is léiriú ar a fheabhas agus atá ag éirí leis an tionscnamh é go bhfuil na tíortha seo a leanas tar éis tosú ar chóras aicmithe PEGI a chur in úsáid le bliain anuas chomh maith: Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ongáir, an Ioslainn, an Liotuáin, an Pholainn, Poblacht na Slóvaice agus an tSlóivéin.

## RÉITEACH TE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Mar a luaitear i mo litir chuig an Aire, tá cur i bhfeidhm an dara céim de mhórchóras slánchóirithe TE OSSÉ curtha ar athló go sealadach mar gheall ar an gcostas a bhaineann leis. Táthar ag tnúth le dul ar aghaidh le rogha atá níos éifeachtaí ó thaobh an chostais de go gairid.



The Chronicles of Narnia: The Lion, the Witch and the Wardrobe  
Stúirthóir: Andrew Adamson

*Batman Begins*  
Stúrnthóir: Christopher Nolan



## DEIMHNIÚ SCANNÁIN CHINEAMA

Seo a leanas líon na scannáin a ndearnadh deimhniú ina leith d'fhonn a dtaispeáint i bpictiúrlanna i rith na bliana 2005:



● Gnéscannáin	252
● Gearrscannáin	5
● Blaisíní	292
<b>Iomlán</b>	<b>549</b>

### Deimhniúchán ar scannáin chineama 2001 -2005


	2001	2002	2003	2004	2005
<b>Gnéscannáin</b>	196	185	213	249	252
<b>Gearrscannáin</b>	15	20	15	23	5
<b>Blaisíní</b>	251	319	301	338	292
<b>Iomlán</b>	<b>462</b>	<b>524</b>	<b>529</b>	<b>610</b>	<b>549</b>

Bhí fad iomlán isteach is amach le 459 uaire a chloig, 7 nóiméad leis na scannáin chineama a cuireadh faoi bhráid d'fhonn deimhniúcháin i rith na bliana 2005.



*Madagascar*  
Stiúrthóir: Eric Darnell, Tom McGrath

Scannáin chineama a ndearnadh deimhniú ina leith i rith na bliana 2005 de réir aicme



G	14
PG	39
I2A	55
I5A	71
I6	43
I8	30
Iomlán	252

Scannáin chineama a ndearnadh deimhniú ina leith 2001-2005 de réir aicme

	2001	2002	2003	2004	2005
G	27	17	11	10	14
PG	20	19	23	31	39
I2A	29	36	40	61	55
I5A	75	73	91	90	71
I6	-	-	-	7	43
I8	45	40	48	50	30
Iomlán	196	185	213	249	252



Robots  
Stiúrthóir: Chris Wedge, Carlos Saldanha

I mí Iúil, scríobh an Scrúdóir Scannáin chuig Abbey Films, dáilitheoir ghnéscannáin dar teideal *Boy Eats Girl* a léiríodh in Éirinn, ag míniú an chúis go raibh i gceist staonadh ó dheimhniúchán a eisiúint don scannán mura mbainfi amach radharc áirithe inar léiríodh iarracht, mar ba ea, ag ógánach lámh a chur ina bhás féin.

Tar éis do Abbey Films achomharc a dhéanamh, ba é cinneadh an Bhord Achomhairc um Scrúdoireacht Scannán go dtabharfaí deimhniúchán I5A don scannán. Nuair a cuireadh faoi bhráid OSSÉ ina dhiaidh sin é d'fhonn deimhniúchán maidir le fistaifeadadh/DVD, tugadh deimhniúchán Os cionn I8 ina leith.

**Tír léirithe na 252 gnéscannán a ndearnadh deimhniú ina leith sa bhliain 2005**

**(a) Aon tír léirithe amháin**

An Astráil	2
An Fhrainc	2
Hong Kong	3
An India	1
Éire	4
An Iodáil	1
An tSeapáin	4
An Nua-Shéalainn	1
An Rúis	1
An Chóiré Theas	6
An Spáinn	1
An Tealainn	1
An Ríocht Aontaithe	21
SAM	135
<b>Iomlán</b>	<b>183</b>

**(b) Níos mó ná tír léirithe amháin (i.e. comhléiriú)**

Tagraítear don ioncam a fuair an Oifig ón deimhniúchán ar scannáin chineama Roinn 6 sa Tuarascáil seo.




Charlie and the Chocolate Factory  
Siúrthóir: Tim Burton

Ceanada / An Ríocht Aontaithe / An Iodáil / An Spáinn	1
Ceanada / Éire / An Ríocht Aontaithe / An Ghearmáin	1
Ceanada / An Ríocht Aontaithe	2
Ceanada / SAM	3
An Danmhairg / An Fhrainc / An Ghearmáin	1
An Danmhairg / An tSualainn	1
An Danmhairg / An tSualainn / An Iorua	1
An Fhrainc / An Ghearmáin / An Ríocht Aontaithe / An Bheilg / An Rómáin	1
An Fhrainc / An Bheilg / An Iodáil / Iosrael	1
An Fhrainc / Maracó	1
An Fhrainc / An Ríocht Aontaithe	3
An Fhrainc / SAM	4
An Ghearmáin / An Iodáil / An Ostair	1
An Ghearmáin / An Bhulgáir	1
Éire / An Ghearmáin / UK	2
Éire / An Ríocht Aontaithe	4
Éire / An Ríocht Aontaithe / An Ísiltír	1
Éire / SAM	1
Éire / SAM / An Ghearmáin	1
An Iodáil / An Fhrainc / An Ghearmáin	1
An Iodáil / An Spáinn / An Ríocht Aontaithe	2
An Nua-Shéalainn / An Ríocht Aontaithe	1
An Nua-Shéalainn / SAM	2
An Iorua / SAM	1
An tSeirbia / An Fhrainc	1
An Afraic Theas / SAM	1
An Spáinn / An Fhrainc / An Iodáil	2
An Spáinn / An Airingtín / An Phortaingéil	1
An Spáinn / An Danmhairg	1
An Ríocht Aontaithe / Poblacht na Seice	1
An Ríocht Aontaithe / Poblacht na Seice / An Fhrainc	1
An Ríocht Aontaithe / Poblacht na Seice / An Ghearmáin / SAM	1
An Ríocht Aontaithe / An Fhrainc / An tSile / An Spáinn	1
An Ríocht Aontaithe / Lucsamburg	1
An Ríocht Aontaithe / An Rómáin	1
An Ríocht Aontaithe / An Spáinn	1
An Ríocht Aontaithe / SAM	7
SAM / Ceanada / An Fhrainc	1
SAM / An Cholóim	1
SAM / An Ghearmáin	4
AM / An tSeapáin	1
SAM / Meicsiceo	1
SAM / An Spáinn	2
SAM / An Ríocht Aontaithe / An Spáinn / An Ghearmáin	1
<b>Iomlán</b>	<b>69</b>

## DEIMHNIÚ FHÍSTHAIFEAD TAÍ/DVD

Iomlán na Fis-saothar a Deimhníodh sa bhliain 2005  
Blaisíní/réamhbhreathnú/fógraí san áireamh **9632**

Fis-saothair a deimhníodh 2001-2005



Pride & Prejudice  
Stiúrthóir: Joe Wright



## Fís-saothair a deimhníodh sa bhliain 2005 de réir aicme



<b>G</b>	2916
<b>PG</b>	2522
<b>12</b>	1733
<b>15</b>	1869
<b>18</b>	592
<b>Iomlán</b>	<b>9632</b>

Fís-saothair a deimhníodh  
2001 - 2005 de réir aicme


	2001	2002	2003	2004	2005
<b>G</b>	1805	2363	1986	2523	2916
<b>PG</b>	1137	1545	1474	1686	2522
<b>12</b>	668	844	984	1270	1733
<b>15</b>	1123	1360	1487	1480	1869
<b>18</b>	597	574	573	574	592
<b>Iomlán</b>	<b>5330</b>	<b>6686</b>	<b>6504</b>	<b>7533</b>	<b>9632</b>

I rith na bliana 2005, ar iarratas ó Bhrainse Custaim agus Máil na gCoimisinéirí Ioncaim agus ón nGarda Síochána, scrúdaigh OSSÉ 85 saothar físhthaifeadta/DVD, a mba sampla iad de shaothair a bhí gafa na húdaráis sin. D'eisigh an OSSÉ deimhniúcháin arna dheimhniú go bhféadfaí na saothair sin a thoirmeasc faoi alt 7 an Achte um Fhístaifeadtaí 1989. Is féidir na deimhniúcháin sin a úsáid mar fhianaise i gcásanna cúirte a thabharfadh na húdaráis thuasluaite.



The Wedding Crashers  
Stiúrthóir: David Dobkin

Ceadúnais a eisíodh sa bhliain 2005




<span style="color: red;">●</span> Mhórdhiola	7
<span style="color: green;">●</span> Mhiondiola	1,357
<span style="color: blue;">●</span> Mhiondiola Feithiclé	18
<b>Iomlán</b>	<b>1,382</b>

Ceadúnais a eisíodh 2001-2005

	2001	2002	2003	2004	2005
<span style="color: red;">■</span> Mhórdhiola	8	7	9	10	7
<span style="color: green;">■</span> Mhiondiola	1177	1264	1351	1369	1357
<span style="color: blue;">■</span> Mhiondiola Feithiclé	26	25	22	23	18
<b>Iomlán</b>	<b>1211</b>	<b>1296</b>	<b>1382</b>	<b>1402</b>	<b>1382</b>

Nóta: Luaitear an t-ioncam a fuair an Oifig ó Dheimhniúchán ar Fhís-saothair agus ó eisiúint Cheadúnas i Roinn 6 sa Tuarascáil seo.

Lemony Snicket's A Series of Unfortunate Events  
Stiúrthóir: Brad Silberling







## DEIMHNIÚ MAIDIR LE HIMEACHTAÍ CÚIRTE

Cuireann an Oifig gearáin maidir le sárú ar fhorálacha an Achta um Scrúdoireacht Scannán, 1923 nó an Achta um Fhistaifeadtaí, 1989 faoi bhráid an Gharda Síochána d'fhonn imscrúdaíthe.

De réir Alt 23 an Achta um Fhistaifeadtaí, 1989 is féidir le hOifig Scrúdóir na Scannán deimhniúcháin a eisiúint chun eolas áirithe a chur ar fáil atá inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Lion iomlán na nDeimhniúcháin a eisíodh sa bhliain 2005 ag taispeáint nach raibh Deimhniú Soláthair i bhfeidhm, de réir Alt 14 (3) (b), maidir le saothair áirithe **77**



Ocean's Twelve  
Stiúrthóir: Steven Soderbergh

Wallace & Gromit in The Curse of the Were-Rabbit  
Stiúrthóir: Steve Box, Nick Park



Mar seo a leanas na táillí a ghearrn an Oifig maidir le deimhniú ar scannáin chineama agus fistaifeadtaí/DVD agus mar gheall ar cheadúnais a eisíúint i rith na bliana 2005:

Táillí a gearradh maidir le Deimhniú Scannán	€271,340
Táillí a gearradh maidir le Deimhniú Fistaifeadtaí	€3,587,272
Táillí a gearradh maidir le Ceadúnais Mhórthhiola agus Mhionthhiola	€342,640
Ioncam iomlán a fuarthas agus a cuireadh ar aghaidh chuig an gCuntasóir, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2005	€4,201,252

Tá na táillí nua a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2004 san áireamh leis na suimeanna thuas.

Rinneadh foráil le scála táillí nua i leith scannáin chineama, arna thabhairt i bhfeidhm le hOrdú Aire ar an 1 Aibreán 2004 (I.S. 114 den bhliain 2004) do ráta islithe de €3 in aghaidh an nóiméid i gcás scannáin a nach bhfoilseofaí níos mó ná sé phionta diobh. Ardáidh an táille ó €8 in aghaidh an nóiméid go dtí €12 in aghaidh an nóiméid i gcás na scannán eile ar fad seachas scannáin de thréithe oideachasúla nach ngearrtar aon táille ina leith. Tugadh isteach táille comhréidh de €100 maidir le blaisíní.

Rinneadh foráil le scála táillí nua i leith fistaifeadtaí, arna thabhairt i bhfeidhm le hOrdú Aire ar an 1 Meitheamh 2004 (I.S. 113 den bhliain 2004) do tháillí aicmiú fistaifeadtaí a bhunú ar fhad an tsaothar fistaifeadta a cuireadh faoi bhráid seachas na rátaí éagsúla a bhí i réim roimhe sin maidir le hábhar a chuirfí ar cíos agus ar díol faoi seach. Tugadh isteach táille comhréidh de €50 in aghaidh na mire maidir le hábhar breise/blaisín/fógra ar DVD.

Star Wars: Episode III - Revenge of the Sith  
Súirthóir: George Lucas



**John Kelleher**

Ceapadh John Kelleher ina Scrúdóir na Scannán ar an 7 Aibreán 2003 tar éis próiseas lenar bhain comórtas a fógraíodh go poiblí. Tháinig sé i gcomharbacht ar Sheamus Smith a bhí ina Scrúdóir na Scannán ó 1986. I mBaile Átha Cliath a rugadh é agus bronnadh céim BCL de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus céim Mháistreachta sa Drámaíocht de chuid an University of Kentucky air. Gairmeadh chuig an mBarra é sa bhliain 1971. Ina Léiritheoir/Stiúrthóir dó in RTÉ, léirigh sé roinnt clár a ghnóthaigh gradaim, ina measc *Strumpet City* agus *Even the Olives Were Bleeding*.

Ceapadh ina Cheannasaí Clár Teilifíse é sa bhliain 1980 agus chuir sé an clár *Today Tonight* ar bun an bhliain chéanna sin. D'fhág sé RTÉ sa bhliain 1983 go raibh ina Bhainisteoir Stiúrtha ar The Sunday Tribune.

Bhí sé ar dhuine de phríomhléiritheoirí scannán agus teilifíse neamh-spleácha in Éirinn ar feadh tréimhse fiche bliain. Tá sé cinn de scannáin chineama léirithe aige, ina measc *Eat the Peach*, a raibh sé ina chomhscríbhneoir air, chomh maith le sé shraith drámaíochta teilifíse, go leor clár fhaisnéise agus ceithre shraith de chlár suaitheantais chúrsa reatha TV3, *Agenda*. Tá sé pósta agus mac amháin agus iníon amháin air.

**Ger Connolly**

Ceapadh Ger Connolly ina Leas-Scrúdóir na Scannán i mí Lúnasa 2003. Rugadh é i mBaile Chill Dara mar a bhfuil cónaí air. Ghnóthaigh sé céim sa tráchtáil i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Rinne sé staidéar sa chunatsaíocht le Deloitte, Haskins & Sell agus d'oibrigh sé ina chunatsóir i dtionscail na fógraíochta agus na déantúsaíochta.

Ceapadh ina scrúdóir scannán cúnta páirtaimseartha é i mí na Samhna 2003. Rinne sé fónamh mar Leas-Scrúdóir Scannán agus bhí sé ar dhuine de thriúr toiscairí Éireannacha ag Comhdháil Aicmitheoirí Scannán na hEorpa i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2001. Tá sé ar bhord PEGI, córas aicmithe uile-Eorpach maidir le cluichí leictreonacha, thar ceann na hÉireann agus déanann sé fónamh ar Bhord Comairleach agus ar Bhord Gearán na heagraíochta. Tá sé pósta agus tá clann beirt mhac agus iníon air.



Meet the Fockers  
Stiúrthóir: Jay Roach



Cuidíonn foireann Scrúdóirí Cúnta páirtaimseartha leis an Scrúdóir Scannán i ndéanamh dhualgais na hOifige. Is é an t-aicmiú ar na mílte saothar fistaifeadta sa mbliain a ndéanann an Oifig deimhniú orthu an príomhdhualgas atá orthu.



**Olga Bennett**

Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath  
Iar-Ionadaí Poiblí  
Leambh amháin  
Ceaptha sa bhliain 1993



**Mairéad Marron**

Cónaí uirthi i Sórd  
Comhairleoir/Sictheiripeach  
Seisear leambh  
Ceapadh sa bhliain 1995



**Mark Brennan**

Cónaí air i mBaile Átha Cliath  
Iriseoir agus Léiritheoir  
Teilifíse  
Leambh amháin  
Ceaptha sa bhliain 2004



**Dani McClafferty**

Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath  
Iníon léinn  
Ceaptha sa bhliain 2004



**Tom Fitzgerald**

Cónaí air sa Daingean  
Iar-Ionadai Poiblí  
Triúr leambh  
Ceaptha sa bhliain 2002



**Patricia Murphy**

Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath  
Bean tí  
Triúr leambh  
Ceapadh sa bhliain 2004



**Alison Foley**

Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath  
Abhcóid  
Ceapadh sa bhliain 2004



**P. J. Sheridan**

Cónaí air i gClonadh, Co. Chill Dara  
Iar-Sheirbhíseach Poiblí  
Triúr leambh  
Ceaptha sa bhliain 2004



**John Keith**

Cónaí air san Aonach  
Iar-Sheirbhíseach Poiblí  
Triúr leambh  
Ceaptha sa bhliain 1993



**Tony Stapleton**

Cónaí air san Uaimh  
Iar-Stiúrthóir Diolacháin  
Cúigear leambh  
Ceaptha sa bhliain 1993



Is í Ann O'Kelly, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, Bainisteoir na hOifige agus déanann sí maoirseacht ar fhoireann ochtar státseirbhíseach ar a bhfuil beirt Oifigh Feidhmiúcháin agus seisear Oifigh Cléireachais (beirt ag roinnt poist) chomh maith le beirt Teilgeoirí.

Chaith sí roinnt blianta ag obair i Rannóg na bPríosún sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. D'oibrigh sí roimhe sin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Cosanta.

## A BHFUIL I NDÁN

### TAIGHDE MAIDIR LE TOMHALTÓIRÍ

Go luath sa bhliain 2006, déanfaidh OSSÉ taighde leanta maidir le gnéithe áirithe de thorthaí na suirbhéanna náisiúnta ar thuismitheoirí (2004) agus ar ógánaigh (2005) agus is dócha gurb é an meon maidir le caint láidir a bheidh ar an gcéad ábhar taighde.

### GRÚPAÍ FÓCAIS

Tá i gceist ag OSSÉ leanúint ag eagrú ócáidí plé agus ag taispeáint scannán do ghrúpaí fócais le réimse leathan grúpaí sainspéise agus saineolaithe (e.g. siceolaithe, oideachasóirí, etc.).

### FEACHTAS FEASACHTA POIBLÍ

Tar éis an dea-thoraidh ar Fheachtas Feasachta Poiblí Náisiúnta na bliana 2005, tá i gceist feachtas suntasach breise sna meáin chumarsáide a chur ar bun sa dara leath den bhliain 2006 chun suíomh idirlín OSSÉ a chur chun cinn arís le thuismitheoirí.

### TÁILLÍ FÍSTAIFEADTAÍ/DVD A LEASÚ

Mar a luaitear níos luaithe sa Tuarascáil, tá súil ag OSSE go gcuirfear i bhfeidhm go gairid scála leasaithe táillí maidir le deimhniú ar shaothair fhístaifeadtaí/DVD neamhghnácha, spéis mhionlaigh, de réir mar atá molta againn agus ag teacht leis an scéim maidir le foilsíú teoranta ar scannáin chineama.

### FORBAIRT TE: CÉIM 2

Tá an cás mar a luaitear i Roinn 2 na Tuarascála.

### COMHOIBRÍÚ IDIRNÁISIÚNTA

Leanfaidh OSSÉ ag glacadh lánpháirte sa phlé agus sa díospóireacht lenár gcomhghleacaithe deimhniúcháin san Eoraip agus go hidirnáisiúnta trí pháirt leánúnach san Association of European Classifiers, san World Media Regulators' e-Forum agus le PEGI (Pan European Games Information System).

### ATHCHÓIRIÚ AR AN REACHTAÍOCHT

Tá súil ag OSSÉ páirt a ghlacadh san athbhreithniú beartaithe ar reachtaíocht na cinsireachta/aicmithe atá le cur ar bun ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

### SCOILEANNA

Leanfaidh OSSÉ sa bhliain 2006 ag obair i gcomhar le hoifig oideachais Institiúid Scannánaíochta na hÉireann ar chlár taispeántais scannán i bhfoirm ceardlaine do dhaltai scoileanna dara leibhéal trína bhféachfar lena gcur ar an eolas maidir leis an ról atá againn chomh maith le tuiscint a fháil ar a ndearcadh agus a dtuairim siúd ar ár gcuid oibre.



---

visit our website  
[www.ifco.ie](http://www.ifco.ie)











**DOICIMÉAD/DOICIMÉID ATÁ LE LEAGAN FAOI BHRÁID THEACH DEN  
OIREACHTAS**

Cléireach Na Dála

Seo cóipeanna\* den doiciméad/de na doiciméid thíosluaite atá le leagan faoi bhráid an Tí. Is mar atá leagtha amach atá t-eolas a iarrtar thíos.



Ceann na Roinne nó an chomhlachta eile

1. An Roinn nó an comhlacht eile atá ag leagan an doiciméid .. .. .	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí
2. Teideal an doiciméid .. .. .	Tuarascáil Bhliantúil Scrúdóir na Scannán - 2005
3. Más de bhun reachta atá an doiciméad á leagan luaigh Teideal an Achta agus an t-alt .. .. .	Alt 29 den Acht um Fhistaifeadtaí, 1989
4. An mbaineann tréimhse reachtúil lena leagan? Má bhaineann, tabhair sonraí. .. .. .	Ní bhaineann
5. An gá tairiscint á cheadú? .. .. .	Ní gá

\*Trí chóip den doiciméad i leith gach Tí, nó sé chóip más faoi bhráid Tí amháin atá sé le leagan.

**DEPARTMENT OF JUSTICE,  
EQUALITY and LAW REFORM**

*Old Faculty Building  
Shelbourne Road  
Dublin 4.*

Teileafón/Telephone: (01) 602 8202  
Riomphoist/e-mail: info@justice.ie



**AN ROINN DLÍ agus CIRT,  
COMHIONANNAIS agus  
ATHCHÓIRITHE DLÍ**

*An tIarás Dáimhe  
Bóthar Shíol mBroin  
Baile Átha Cliath 4.*

Facsúimhir/Fax:

Clerk of Dail,  
Dail Eireann  
Dublin 2.

Please find enclosed 3 copies of the Annual Report of the Film Censor 2005 (English/Irish) for laying before the House.

I have also forwarded 3 copies to the Clerk of the Seanad.

[Redacted]

[Redacted]

Corporate Services  
10 July, 2006

